PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHAILE AN RIDIRE

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Ainmníodh Baile an Ridire (An Chois) i ndiaidh an tiarna talún áitiúil 'Ridire Chiarraí'. Tá Baile an Ridire suite ar thaobh thoir Dhairbhre, atá ar chósta thiar leithinis Uíbh Ráthaigh. Is é an sráidbhaile is mó ar an oileán é agus nasc díreach aige leis an mórthír leis an mbád farantóireachta i gcaitheamh an tsamhraidh. Tá Baile an Ridire timpeall 3km soir ó thuaidh ón gCaol agus timpeall 5.5km siar ó dheas ó Chathair Saidhbhín (ar an mbád farantóireachta).

1.2 Daonra

Níl aon tuairisceán daonáirimh ar leith ann do Bhaile an Ridire. Clúdaíonn Toghroinn Dhairbhre an baile agus an oileán ar fad. Léirigh daonáireamh 2006 go raibh 713 duine ann. Méadaigh an figiúr sin ó 690 i 2002. Is ionann seo agus méadú 3% ar an daonra. Ba é figiúr 2011 ná 664, ar ionann é agus laghdú 6% ar an daonra.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Tá lonnaíocht Bhaile an Ridire ainmnithe mar shráidbhaile i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Soláthraíonn sé réimse seirbhísí dá chúlchríocha tuaithe agus feidhmíonn sé mar phríomhlonnaíocht an oileáin a bhaineann leas substaintiúil as turasóireacht. Is tithe saoire iad mórán de na tithe cónaithe atá sa tsráidbhaile.

Tá réimse leathan áiseanna sa tsráidbhaile ar a bhfuil Séipéal Caitliceach, séipéal Eaglais na hÉireann le gairdín na gcéadfaí, stáisiún An Gharda Síochána, ionad cónaithe/traenála do dhaoine faoi mhíchumas intinne, stáisiún bád tarrthála an RNLI, ionad oidhreachta, brú, bialann, siopaí, siopa gróisaeireachta, agus ionad tumadóireachta scúba. Toisc éileamh séasúrach a bheith ar sheirbhísí sa cheantar bíonn roinnt de ghnóthaí an tsráidbhaile dúnta i gcaitheamh an gheimhridh.
Tá réimse leathan gníomhaíochtaí muirbhunaithe le tairiscint sa mhuirmhúr agus sa mhuiríne nua a tógadh. Beidh 220 beart sa mhuiríne nuair a bhíonn sé críochnaithe go hiomlán.
Don mhéid atá i sráidbhaile Bhaile an Ridire tá réimse leathan seirbhísí agus áiseanna ann do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon, mar sin féin ní bhíonn mórán de na háiseanna/seirbhísí seo oscailte ach le linn bhiaiste na turasóireachta. Tá roinnt forbairtí leaba agus bricfeasta agus tithe saoire sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird.

1.4 Infreastruchtúr

Déantar cóireáil phríomhúil ar fhuíolluisce i mBaile an Ridire sara scaoiltear go Cuan Dairbhre é. Is é acmhainn na saoráide cóireála ná 800pe agus ceaptar go bhfuil beagnach lánacmhainn á bhaint as. Feidhmíonn an córas mar chomhchóras gan aon soláthar ar leith do rith chun srutha uisce stoirme. Tá soláthar uisce poiblí ag freastal ar an mbaile.

1.5 Foirm Uirbeach
Murab ionann agus sráidbhailte eile i gCiarraí Theas, tá córas sráide forbartha agus tarraingteach i mBaile an Ridire. Rinne Ridire Chiarraí coimisiúnú ar an innealtóir Albanach, Alaxander Nimmo in 1830 le plean a leagan amach do Bhaile Nua Dhairbhre mar a tugadh an uair sin air. Déanadh an sráidbhaile a fhorbairt sna 1840dí agus d'éirigh leis a shaintréithe sainiúla a choimeád. Tugann na sráideanna tarraingteacha agus na sraitheanna mórthaibhseacha tithíochta saintréith ailtireachta do Bhaile an Ridire nach bhfuil a leithéid ar fáil in aon sráidbhaile eile i gCiarraí. Téann Sráid an Mhargaidh, atá mar chroílár ag an sráidbhaile, soir siar ó Eaglais na hÉireann agus tagann chun deiridh ag an túr cloig atá athchóirithe do binn ag an gcé. Cuireann éagsúlacht na bhfoirgneamh ar an bPromanád leis an meascán saibhir ailtireachta atá i mBaile an Ridire.

Tá promanád tarraingteach sa tsráidbhaile ag síneadh ar aghaidh na farraige agus a chruthaíonn teorainn thoir an tsráidbhaile ina n-áirítear ceantar na cé. Tá deiseanna ann cur leis an siúlán taitneamhachta seo ar fud an bhaile.
Tá saibhreas oidhreachta ailtireachta, seandálaíochta agus staire áitiúil sa tsráidbhaile. Ní a gcuirtear spéis ar leith ann is ea Tionscadal Altazmuth, a chuir an pobal áitiúil chun cinn le blianta beaga anuas.

1.6 Oidhreacht Tógtha
Tá saibhreas oidhreachta ailtireachta sa tsráidbhaile. Ba é an t-ailtire cáiliúil as Corcaigh Thomas Deane a dhear an Stáisiún Cábla, atá ar cheann de os cionn caoga Struchtúr atá faoi Chosaint i mBaile an Ridire, sa bhliain 1868. Tá mórán de thithe na n-oifigeach, ar chuid den sraith tithíochta ar an bPromanád iad ar an RPS, ceannaithe mar thithe saoire agus coimeádann a n-úinéirí i ndea-riocht iad. Meastar, áfach, go gcaithfear na heilimintí sin den timpeallacht thógtha, a shainmhíníonn saintréithe an tsráidbhaile, a fheabhsú agus a chaomhnú. Tá dhá chuid den sráid-dreach aitheanta mar áiteanna ina bhfuil aghaidh tarraingteach, comhtháite ag baint leo agus ba cheart iad a choimeád.

Níl sé molta go n-áireofaí aon struchtúir bhreise ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Meastar, áfach, go gcaithfear na heilimintí sin den timpeallacht thógtha, a shainmhíníonn saintréithe an tsráidbhaile, a fheabhsú agus a chaomhnú. Cuspóir sa phlean seo is ea LCA a shonrú ar chuid den Phríomhshráid i dtreo is gur féidir a foirm agus a saintréithe tarraingteacha a choimeád in aon fhorbairt a dhéanfaí sa todhchaí.

Is gá a chinntiú go gcuirtear feabhas ar na saintréithe áitiúla agus ar fhéiniúlacht na háite. Tá sé tábhachtach mar sin go dtagann forbairt nua le heilimintí traidisiúnta na sráid-dreacha atá ann.

1.7 Seandálaíocht
Níl aon séadchomharthaí seandálaíochta cóngrach, ná laistigh de cheantar an phlean.

1.8 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha
Tá Baile an Ridire suite ar mhá réidh cois cósta ag ceann thoir thuaidh Dhairbhre. Tá an-tóir ar chuan fhoscúil an tsráidbhaile maidir le gníomhaíochtaí uiscebhunaithe. Is cuid de Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Dairbhre/Góilín Dairbhre atá ann. Tá samplaí tábhachtacha de sceireacha, góilíní éadomhaine agus réileáin láibe taoideacha ann.

1.9 Trácht Feithicleach agus Coisithe
Is ceann scríbe do bhád farantóireachta Dhairbhre, a bhíonn ag feidhmiú ó Mhárta – Deireadh Fómahir, é Baile an Ridire. Cruthaíonn an bád farantóireachta go leor tráchta go háirithe i míonna Iúil agus Lúnasa. Tá rochtain ar Bhaile an Ridire ón mórthír i gcaitheamh an gheimhridh thar dhroichead ag An Caladh.

1.10 Fostaíocht
Léiríonn Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga 2006 don TRC ina bhfuil Baile an Ridire suite (Dairbhre) gurb é an phríomhfhoinse fostaíochta d'fhir sa cheantar ná tionscal na tógála (20%) agus déantúsaíocht (10%) ina dhiaidh sin.Is dócha go bhfuil laghdú ar na figiúirí seo de bharr an lagtrá eacnamaíochta. Is gairmiúlaigh iad formhór na mban atá fostaithe, agus iad sin atá ag obair san earnáil seirbhíse ina dhiaidh sin (28%). Níl aon mhórfhostaíocht sa tsráidbhaile seachas Ospidéal Dhairbhre. Tá teorainn le deiseanna fostaíochta sa tsráidbhaile agus téann mórán de mhuintir an oileáin chun na mórthíre chun oibre. D'fhonn cuideachtaí dúchasacha a spreagadh agus níos mó fostaíochta a chruthú sa tsráidbhaile, tá tailte a bhí ainmnithe chun úsáide turasóireachta agus tionsclaíochta ar scála beag criosaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta. Tá dhá shuíomh deise aitheanta.

1.11 Fás agus Forbairt Cónaithe
Tharla forbairt suntasach sa tsraídbhaile le blianta beaga anuas go háirithe ó dheas agus siar ó chroílár an tsráidbhaile, den R565. Is forbairtí de chineál eastáit iad na forbairtí agus níor chuir siad le fairsinge na sráid-dreacha atá ann. Tá athghiniúint déanta ag forbairt thithe agus árasáin lena n-aghaidh ar Shráid an Mhargaidh agus ar thailte Reenellen House agus ag forbairt níos lú ag ceann thoir Shráid an Mhargaidh lena haghaidh ar an bPromanád, ar chroílár an tsráidbhaile. Is ar mhargadh na dtithe saoire is mó atá na forbairtí seo ag freastal. Bhí go leor éilimh freisin ar thithe aon uaire siar ón sráidbhaile.

Léiríonn leibhéal na n-iarratas pleanála fás i gceantar an phlean agus díreach mórthimpeall air. Is féidir tuilleadh fáis a bheith ann má chuireann Baile an Ridire lena chumas seirbhísí agus saoráidí a mhealladh, ar a n-áirítear uasghrádú ar na saoráidí cóireála fuíollusice. Dhéanfaí freastal ar an éileamh do thithe scoite lasmuigh de sin trí fhorbairt na tuaithe.

Déanann an teorainn forbartha do Bhaile an Ridire sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, roinnt méadú/athfhorbartha i lár an tsráidbhaile. Is cuspóir sa phlean é spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shráidbhaile le dlúthstruchtúir inbhuanaithe, ach a chinntiú go mbíonn an

fhorbairt nua comhtheagmhálach leis an bhforbairt atá ann agus go mbaintear úsáid éifeachtach as suíomhanna talún cúil agus líonta isteach.

1.12 Suíomhanna Deise

Tugtar sainmhíniú ar Shuíomhanna Deise anseo mar shuíomhanna a bhfuil tábhacht radhairce agus feidhme leo, agus mar a mbeadh an tionchar is mó ag dea-dhearadh uirbeach ar fhás sóisialta agus geilleagrach an tsráidbhaile. Tá dhá shuíomh aitheanta sa phlean seo: Sráid an Mhargaidh agus iarChlós Sclátaí. Tá tuilleadh measúnaithe ar na suíomhanna seo in Aguisín 1.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is é atá mar fhís fhoriomlán do Bhaile an Ridire a chinntiú go bhforbraíonn sé mar láthair atá tarraingteach do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon agus go gcaomhnaíonn forbairt sa todhchaí saintréithe an tsráidbhaile agus go ndaingnítear sin nuair is gá é.

Is dócha go bhfuil Baile an Ridire ar cheann de na lonnaíochtaí is tarringtí i gContae Chiarraí, le fíorbheagán lonnaíochtaí, más ann do cheann ar bith atá ar chomhionann leis maidir lena mheascán oidhreachta ailtireachta, staire agus cultúrtha. Tá saintréithe dúchasacha fós ag an sráidbhaile agus tá sé riachtanach go gcoimeádfaí amhlaidh é. Tá coimeád oidhreachta ailtireachta seo an oileáin riachtanach dá fhorbairt sa todhchaí mar cheann scríbe turasóireachta. Tá roinnt buanna dúchasacha ag Baile an Ridire ar a bhfuil aghaidh na farraige tarraingteach, radharcanna den scoth, foirm sainithe uirbeach le háilleacht agus scéimh. Tá sé tábhachtach go mbaineann an sráidbhaile leas as a láthair agus a oidhreacht. Meastar gur féidir le Baile an Ridire feabhas a chur ar a acmhainn forbartha mar cheann scríbe turasóireachta agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe trí fhorfheidhmiú a dhéanamh ar dhearadh uirbeach, ailtireacht agus saoráidí poiblí ardcháilíochta mar phríomhnithe tarraingteacha. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí cosaint ar na gnéithe a mheallann turasóirí chun an cheantair seo, agus go spreagtar deiseanna iomchuí le fostaíocht a chruthú sa turasóireacht.

Faoi mar a dúradh roimhe seo, tá ionad cóireála príomhúil fuíolluisce ag freastal ar an sráidbhaile. Tá beagnach lánacmhainn bainte amach ag an ionad seo agus níl aon phlean ann maidir le huasghrádú a dhéanamh air. Scaoiltear isteach i gCuan Dairbhre é ar uisce glactha íogair é le sonrú Natura 2000 aige maidir le huisce snámha agus sliogéisc. Sa ghearrthréimhse mar sin, agus ag feitheamh ar uasghrádú a dhéanamh ar an ionad cóireála, tá srian curtha le hacmhainn forbartha an tsráidbhaile. In ainneoin na srianta seo, leagann an plean seo fís forbartha amach d'úsáidí ar fud na lonnaíochta sa todhchaí d’fhonn forbairt mhíoiriúnach a sheachaint a chuirfeadh isteach ar phrionsabail cheartphleanála idir an dá linn.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:

- A chinntiú go dtacódh forbairt sa todhchaí le ról agus feidhm reatha an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe agus mar shráidbhaile beag turasóireachta.

- A chinntiú go dtógtar ceann i ngach forbairt de scála agus de shuíomh an tsráidbhaile atá ann i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.

- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe saoráidí imleor spóirt agus clós súgartha. Ba cheart go soláthrófaí iad seo sa tsráidbhaile le freastal ar riachtanais áineasa mhuintir na háite agus turasóirí.

- Cur chun cinn agus feabhas a chur ar cheantar na promanáide/taobh na farraige ar bhealach inbhuanaithe.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe laistigh den sráidbhaile sa todhchaí ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Cosaint a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha, ar oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta an tsráidbhaile ar fhorbairtí de nádúr agus scála neamhchuí sa mhéid go gcuireann na tréithe seo go mór le saintréithe an tsráidbhaile.

- Spreagadh a thabhairt do mhéadú ar réimse agus líon na seirbhísí tráchtála sa sráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.

- Forbairt a dhéanamh ar éiceathurasóireacht agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, mar fhoinse fostaíocht.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	**Is cuspóir ag an gComhairle é:**
OO-1	A chinntiú go mbíonn forbairt nua cónaithe ar scála beag agus dlús íseal le haoaid indibhidiúla cóireála/dabhcha seipteacha ag freastal orthu a thagann go hiomlán le Cód Cleachtais an EPA maidir le cóireáil agus diúscairt fuíolluisce ag freastal ar thithe/pobail bheaga, go dtí go ndéantar uasghrádú ar an gcóras cóireála fuíolluisce don tsráidbhaile. .
OO-2	A chinntiú go gcoimeádtar suíomh nádúrtha an tsráidbhaile agus go ndéantar é a chosaint ar fhorbairt mhí-oiriúnach.

4.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	**Oidhreacht Ailtireachta & Tógtha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**

AH-1	Oidhreacht ailtireachta an tsráidbhaile a chaomhnú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a bhíonn deartha ar shlí atá ag teacht le scála agus carachtar an tsráidbhaile. Ba chóir go mbeadh meas ag forbairtí nua ar ghnéithe dearaidh áitiúla.
AH-2	Spreagadh a dhéanamh ar athúsáid chuí agus athchóiriú íogair ar mhaoine nach n-úsáidtear/tréigthe ar an bPríomhshráid.
AH-3	An limistéar atá léirithe ar an mapa mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) a ainmniú.

Cuspóir Uimh.	**Trácht Feithicleach agus Coisithe** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
T-1	Cosán leanúnach siúlóide a sholáthar laistigh den sráidbhaile.
T-2	Iarracht a dhéanamh ar shiúlán leanúnach a bheith ó Shráid Jane go dtí an Promanáid.

Cuspóir Uimh	**An Timpeallacht Nádúrtha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
NE-1	Aon chrann lánfhásta atá ann a chaomhnú nuair is féidir é agus tuilleadh crann agus tor dúchasach a chur i bhforbairtí nua.

Cuspóir Uimh.	**Conláiste** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
A-1	Éascú a dheánamh ar pháirc baile a fhorbairt ag an láthair atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún.

AGUISÍN 1
Suíomhanna Deise

Suíomh 1 Sráid an Mhargaidh

Aidhm: Forbairt inbhuanaithe agus feabhas a chur ar shuíomh lár an tsráidbhaile d'fhonn sráid-dreach uirbeach níos láidre agus achar suntasach spáis phoiblí a sholáthar

Láthair agus Cur Síos ar an Suíomh
Tá an suíomh suite ar an taobh theas de Shráid an Mhargaidh. Tá na foirgnimh ar an sráid-dreach thuaidh siar beagán. Is mar spás oscailte príobháideach cónaithe atá an áit á úsáid faoi láthair. Tá an suíomh ar an dá thaobh den acomhal ar Shráid Jane.

Acmhainn Forbartha
Tugann athsholáthar an láithreáin seo deis sráid-dreach láidir uirbeach a chruthú a dhéanfadh athghiniúint ar chorí an bhaile, agus a bheadh chun leasa an phobail.
Ba chóir go mbeadh soláthar sa láithreán seo do sráid-dreach traidisiúnta dhá urlár ar an taobh theas de Shráid an Mhargaidh, agus go gceadófaí d'úsáid miondíola agus cónaithe. Maidir le sráid-dreach de mheascán úsáide beidh béim ar fhorbairt cónaithe le hacmhainn athrú sa todhchaí chuid úsáid miondíola agus tráchtála. Caithfidh ráiteas cuimsitheach dearadh uirbeach a bheith in éineacht le hiarratais phleanála.
Thabharfadh plás beag nó spás eile poiblí lárnach léiriú ar stair agus saintréithe an bhaile, agus sholáthródh sé pointe teagmhála sóisialta agus amharcphointe, agus chuirfeadh sé le féiniúlacht na háite.

Suíomh 2 – An Clós Sclátaí

Aim: To sustainably develop this brownfield site as a tourist/leisure site

Láthair agus Cur Síos ar an Suíomh
Is é atá sa láthair seo suíomh an iarchlóis sclátaí. Tá droch-chuma air faoi láthair, go háirithe ar an taobh thoir, le foirgnimh thráchtála agus tithe ar ghrád íseal (le gairdíní ar cúl agus achar stórála do thithe a bhfuil a n-aghaidh ar Shráid an Mhargaidh agus an Promanáid). Caithfear feabhas a chur ar an taobh thuaidh agus thoir agus iad a chomhdhlúthú le saoráid nua turasóireachta ag féachaint anuas ar phointe Triantánúil Altazarmuth a bhfuil tábhacht stairiúil leis. Is é atá ar an láthair ná struchtúir, a bhfuil cuid acu tréigthe nó folamh.

Acmhainn Forbartha
Tugann forbairt an láithreáin seo deis athghiniúint a dhéanamh ar láithreán mór in aice le croílár an tsráidbhaile. Tá acmhainn sa láthair seo a bheith mar phointe fócasach an

tsráidbhaile. Meascán úsáide a bheadh sa bhforbairt ar a mbeadh meascán úsáide turasóireachta, áineasa agus fóillíochta faoi mar a bheadh i lár an bhaile beag.
Ba chóir go spreagfaí aon athfhorbairt ar an gceantar seo agus ar athchóiriú agus athchónaí ar dhaoine sna struchtúir atá ann. Is struchtúr atá faoi chosaint é an foirgneamh mór cloch ar chóir athchóiriú tuisceanach a dhéanamh air agus é a úsáid.
Tá tábhacht shuntasach leis go n-oibreodh na húinéirí iomchuí talún le chéile lena chinntiú go ndéantar an talamh go léir a fhorbairt ar shlí aonfhoirmeach agus comhtháite. Níltear ar son forbartha de réir a chéile ar an tailte seo.

Riachtanais Ghinearálta
Lena chinntiú go n-éiríonn leis an bhforbairt atá beartaithe agus go dtagann sé go héasca leis an mbailedhreach mórthimpeall, beidh gá le hardchaighdeán dearaidh i ndearadh agus leagan amach na forbartha agus caithfidh sé cur le féiniúlacht radhairc. Tá an-tábhacht le tréscaoilteacht do choisithe agus d'fheithiclí ar fud na forbartha. Thabharfadh siúlán ó Sráid Jane tríd an gClós Sclátaí agus amach ar an bPromanáid tuilleadh beogachta don cheantar.
Toisc go bhfuil an láithreán chomh mór agus atá caithfear ráiteas dearaidh uirbeach a ullmhú agus a chur chuig an gComhairle le haon iarratas pleanála do na tailte. Ní mór don ráiteas dearaidh uirbeach teacht le riachtanais ailt 13.3 de Phlean Forbartha Contae 2009-2015.

Aguisín 2
Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhaile an Ridire

Réamhrá

Féach an réamhrá le ACA Chathair Saidhbhín.

Suíomh agus Teorainn an Cheantair Chaomhantais

Is é atá san ACA atá beartaithe ceithre bhloc dírithe ar Shráid an Mhargaidh agus Sráid Pheadair.



Mapa 1: Teorainn CCA

Forbairt Stairiúil an Cheantair

Bhí an t-innealtóir Albanach, Alexander Nimmo, freagrach as leagan amach Bhaile an Ridire, tar éis dó coimisiún a fháil chuige ó Ridire Chiarraí go luath sna 1830dí. Sa 1ú eagrán (1842) agus sa 2ú eagrán (1897) den léarscáil SO, tugtar Sráid an Gharda Cósta ar Shráid Pheadair agus tugtar Stáisiún an Gharda Cósta ar an sraith sé fhoirgneamh ar an taobh thiar den sráid. Sa chéad eagrán iad na foirgnimh a thaispeántar ar an taobh thuaidh de Shráid an Mhargaidh ná Oifig an Phoist agus na foirgnimh buailte leis agus sraith de

cheithre fhoirareamh in aice láimhe a dtugtar Bearaic na bPóilíní air ar an mapa. Sa dara eagrán léirítear cúig struchtúr breise ar an taobh thuaidh de Shráid an Mhargaidh ar a n-áirítear *Knightstown Coffee House* faoi mar atá anois air agus foirgneamh ceangailte leis.

Mapa 2 1ú Eagrán den Mhapa SO (1842)



Mapa 3: 2ú Eagrán den Mhapa SO (1897)

Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Limistéar Feidhme
Knightstown

Sceideal na Struchtúr Faoi Chosaint agus na Séadchomhartha Taifeadta

Tá oidhreacht shaibhir ailtireachta ag Baile an Ridire le dlús níos airde Struchtúr atá faoi Chosaint ná aon lonnaíocht eile sa chontae. Tá cúig struchtúr áirithe ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint laistigh den CCA.

- Uimh. Thag RPS 21401318 Siopa Caife Bhaile an Ridire, Sráid an Mhargaidh
- Uimh. Thag. RPS KY-079-037 IarOifig an Phoist, Sráid an Mhargaidh
- Uimh. Thag. RPS KY-079-043 Teach baile mhóir, Sráid an Mhargaidh
- Uimh. Thag. RPS KY-079-047 Ardán Raidió, Sráid an Mhargaidh
- Uimh. Thag. RPS KY-079-048 Ardán Raidió, Sráid an Mhargaidh

Níl aon Séadchomhartha Taifeadta laistigh den CCA atá beartaithe.

<u>Cur síos ar an Timpeallacht Thógtha Reatha</u>

a) Patrún Sráide:

Is í Sráid an Mhargaidh príomhbhealach Bhaile an Ridire, cé gur sráid chónaithe den chuid is mó í, tá roinnt bheag áitreabh tráchtála ar an sráid freisin. Téann Sráid an Mhargaidh soir siar ón acomhal trasna ó Shéipéal Eoin Baist chuig taobh na farraige. Trasnaíonn Sráid Pheadair agus Sráid Jane Sráid an Mhargaidh go dronuilleach, le Sráid Pheadair ó thuaidh agus Sráid Jane ó dheas.

Grianghraf 1 Ardán Shráid an Mhargaidh

b) *Foirm agus leagan amach spáis oscailte poiblí agus príobháideach.*

Tá achar spáis oscailte príobháideach ag cúl gach foirgnimh, seachas an seanOifig Poist agus an struchtúr atá buailte leis. Níl aon spás oscailte poiblí laistigh de theorainneacha an CCA. Tá dhá ardán comhionann laistigh den CCA le spás oscailte príobháideach os a gcomhair le ballaí cloiche ina dtimpeall.

c) Feidhmeanna Socheacnamaíocha. Tá formhór na bhfoirgneamh laistigh den CCA príobháideach, le roinnt bheag áitreabh tráchtála ann.

d) *Ábhar tógtha-cur síos ginearálta.* Tá dhá urlár nó urlár go leith sna foirgnimh atá laistigh den CCA atá beartaithe, ach amháin do *St Derercas Hall* ar urlár amháin atá ann. Tá póirsí oscailte de réir stíle simplí traidisiúnta ar roinnt de na foirgnimh. Tá ceann de na samplaí is fearr sa chontae de cheardaíocht aghaidh siopa ag baint le ceann de na foirgnimh laistigh den CCA, is é sin *Knightstown Coffee House.* Foirgnimh ar an stíl dúchais atá sa dá ardán laistigh den CCA atá níos simplí ná cuid de na hardáin eile i mBaile an Ridire.

Grianghraf 2 Díonchlúdach bunaidh

Grianghraf 3 Mionsonrú agha

e) *Díonta, mullaí agus simléir*.
Tá an na sclátaí bunaidh ar chuid de na foirgnimh fós, a bhfuil i bhfad níos mó carachtair agus uigeacht ag baint leis ná na cineálacha ábhar dín atá níos nua-aimseartha. (Grianghraf)

f) *Ballaí.* Tá críochnú réidh plástair nó líneach ar fhormhór na bhfoirgneamh laistigh den CCA.

Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Limistéar Feidhme
Knightstown

Grianghraf 4 & 5 Sráid Pheadair

g) *Oscailtí.*

Tá athrú déanta ar roinnt slite isteach agus oscailtí thar na blianta le hoiriúint do chúinsí ar leith tráchtála nó tí, ach trí chéile, tá na fuinneoga, na doirse agus na bealaí áirseacha fanta cuíosach slán. Tá dhá stíl oscailte fuinneoige le feiceáil ar Shráid Pheadair i gcás amháin tá an oscailt sa bhfuinneog ar an dara urlár i bhfad níos lú ná an ceann ar an gcéad urlár, ach ar an taobh eile den sráid tá na fuinneoga ar an dara urlár níos mó. (Grianghraf 4 & 5)

Dreachpléan Ceantair Aitiúil do Limistéar Feidhme
Knightstown

Grianghraf 8 **Grianghraf 9**

h) *Teorainneacha.* Tá aghaidh fhormhór na struchtúr laistigh den CCA ar an gcosán ach go bhfuil achar spáis oscailte acu. Gné spéisiúil a nascann na foirgnimh a chruthaíonn an ardán ceithre aonad ar Shráid an Mhargaidh, ná go n-úsáidtear scláta chair chainéal na fuinneóga (Grianghraf 1) *Earraí Báistí.* Tá cuid de na bunphíobáin agus gáitéir d'iarann teilgthe fós ann ach tá cinn nua á gcur ann de réir a chéile. Is ábhar láidir atá in iarann teilgthe agus ní amháin go bhfuil ciall le hearraí báistí d'iarann teilgthe a choimeád ó thaobh airgid de, ach cuireann siad freisin le luach oidhreachta na bhfoirgneamh.

Grianghraf 10 **Grianghraf 11**

j) *Radharcanna.* Tá an radharc soir ar Shráid an Mhargaidh i dtreo na farraige, leis an túr cloig ar a aghaidh amach agus an cuan agus An Rinn Ard sa chúlra ar cheann de na radharcanna íocónacha a bhaineann leis an gcuid seo de Chiarraí theas.

Achoimre ar Thréithíocht Speisialta

Is iad príomhghnéithe na foirme tógála ná

- Foirgnimh thraidisiúnta ar stíl uirbeach ó dheireadh an 19ú haois go dtí tús an 20ú haois.
- Díonta claonta clúdaithe le scláta nó scláta saorga
- Tá airde éagsúil sna díonta agus sna sceimhleacha
- Úsáid chomharthaíochta traidisiúnta neamhfheiceálach
- Sciar maith de na saisfhuinneoga adhmaid a choimeád

Gnéithe diúltacha

- Roinnt athruithe neamhthuisceanacha ar ghnéithe stairiúla mar fhuinneoga, a ndéanann a dtionchar i dteannta a chéile dochar dá stádas mar limistéar caomhantais.

<u>Treoirlínte maidir le forbairt laistigh de Limistéar Caomhantais</u>

<u>Le Treoirlínte a fháil maidir le forbairt laistigh de Limistéar Caomhantais; oibreacha nach mbíonn tionchar acu ar shaintréithe CCA (nach bhfuil gá le cead pleanála dóibh) agus</u>

oibreacha a mbíonn tionchar acu ar shaintréithe an limistéir (oibreacha a mbeadh gá le cead pleanála dóibh) féach CCA Chathair Saidhbhín.